Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7911/24**

**FIN 275**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2024 |
| chuig: | Alexia BERTRAND, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 05/2024 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad ón gCoimisiún DEC 05/2024.

---

Faoi iamh: DEC 05/2024

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 18/03/2024

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2024
ROINN III - TEIDEAL AN CHOIMISIÚIN: 13

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 05/2024**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 1306 Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar comhoibríoch

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 13 06 01 Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar comhoibríoch | Íocaíochtaí | -100 000 000,00 |

## CHUIG AN MÉID SEO A LEANAS

**Caibidil -** 1307 Ionstraim um Athneartú Tionsclaíoch i réimse na Cosanta

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 13 07 01 Ionstraim um Athneartú Tionsclaíoch i réimse na Cosanta | Íocaíochtaí | 100 000 000,00 |

Mar thoradh díreach ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, glacadh dhá thionscnamh ghearrthéarmacha bunaithe ar thograí ón gCoimisiún chun Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta (EDTIB) an Aontais a threisiú agus é ag aistriú chun aghaidh a thabhairt ar an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair:

- Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) a thacaíonn le comhoibriú idir na Ballstáit ag céim an tsoláthair chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, agus
- Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) lena n-éascaítear borradh a chur faoi acmhainneacht táirgeachta armlóin.

Shainaithin an Coimisiún gur gá clár ASAP a threisiú go suntasach le EUR 100 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus an ghéarghá atá le hacmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú, cuireadh dlús le seoladh na ngníomhaíochtaí faoi chlár ASAP i gcomparáid leis na toimhdí atá mar bhonn le Dréachtbhuiséad 2024, rud a fhágann go bhfuil gá le leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí dar luach EUR 100 milliún le haghaidh ASAP.

Tá an barrachas i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dar luach EUR 100 milliún ar fáil faoi láthair faoi chlár EDIRPA agus ní bheidh gá leis i mbliana.

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**13 06 01 – Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar comhoibríoch**

### b) Figiúirí an 12/3/2024

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 100 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 100 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **100 000 000,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **100 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **0,00** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 100,00 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 12/3/2024 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don laghdú

Le linn ullmhú Dhréachtbhuiséad 2024, rinneadh foráil go síneofaí deontais EDIRPA agus go ndéanfaí réamh-mhaoiniúchán comhfhreagrach a íoc go déanach in 2024. Mar sin féin, mar gheall ar an méid ama is gá chun na glaonna a phróiseáil, ní íocfar na réamh-mhaoiniúcháin sin go dtí am éigin luath in 2025, rud a fhágann go bhfuil na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil lena n-athdháileadh gan aon iarmhairt ar chur chun feidhme EDIRPA.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**13 07 01 - Ionstraim um Thionscal Cosanta a Threisiú**

### b) Figiúirí an 12/3/2024

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 78 500 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 78 500 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **78 500 000,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **100 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **178 500 000,00** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 127,39 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 12/3/2024 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don mhéadú

EUR 78,5 milliún atá sa bhuiséad a vótáladh le haghaidh 2024 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chlár ASAP. Tráth ullmhúchán Dhréachtbhuiséad 2024, rinneadh foráil go gcuirfí an clár gearrthéarmach ASAP chun feidhme trí dhá ghlao ar thograí a sheolfaí thar dhá bhliain.

Mar sin féin, chun go mbeifear in ann borradh níos tapa a chur faoi acmhainneacht táirgeachta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, seoladh glao aonair níos mó ar thogra in 2023 agus meastar go síneofar gach deontas ASAP faoi mhí Aibreáin 2024 a fhágann go meastar go mbeidh ranníocaíocht iomlán an Aontais thart ar EUR 514 mhilliún. Suas le 35 % d'uasmhéid na ndeontas a bheidh sa réamh-mhaoiniúchán measta a bheidh le híoc (laistigh de 30 lá tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais), mar sin EUR 180 milliún ar a mhéad. Dá bhrí sin, tá gá le méadú EUR 100 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun go mbeifear in ann na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin sin a dhéanamh sa dara ráithe de 2024.